



6 Deireadh Fómhair, 2021

DPE 212/007/2020

**Uimhir an Chiorcláin:** 20/2021  
**Teideal:** Treoir Maidir le Sonraí Oscailte  
**Chuig:** Cinn Roinne/Oifigí

A Dhuine Uasail

## Réamhrá

1.

Tá iarrtha orm ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tagairt a dhéanamh do Threoir 2019/1024/EU de chuid an Aontais Eorpaigh agus de chuid na Comhairle dar 20 Meitheamh 2019 maidir le Sonraí Oscailte agus Athúsáid Fhaisnéis na Seirbhíse Poiblí (Treoir faoi Shonraí Oscailte), atá tar éis Treoracha 2003/98/EC & 2013/37/EU a aisghairm.

Táthar tar éis Treoir 2019 a thrasú sa dlí Éireannach le I.R. Uimh. 376 de chuid 2021, Rialachán na bPobal Eorpach (Sonraí Oscailte agus Athúsáid Fhaisnéis na Seirbhíse Poiblí) 2021, ar tháinig feidhm leo ar an 22 Iúil 2021, agus a n-aisghairtear leo I.R. Uimh 279/2005 mar a leasaíodh le I.R. Uimh. 525/2015.

Is amhlaidh a chruthaítear le Treoir 2019/1024/EU faoi Shonraí Oscailte agus Athúsáid Fhaisnéis na hEarnála Poiblí, agus leis na Treoracha ó 2003 agus 2013 a aisghairtear léi, creat reachtúil AE le haghaidh gnólachtaí agus saoránaigh faisnéis reatha a athúsáid atá ar coinneáil ag comhlachtaí earnála poiblí. Tá an Treoir athscríofa sa chaoi go mbainfear lán acmhainne as faisnéis na hearnála poiblí le haghaidh gheilleagar agus shochoaí na hEorpa, ag díriú ar na nithe a leanas:

- rochtain fíor-ama ar shonraí dinimiciúla a chur ar fáil,
- méadú ar an soláthar sonraí poiblí don athúsáid, lena n-áirítear gealltanais phoiblí, eagraíochtaí a dhéanann taighde agus eagraíochtaí a thugann cistiú don taighde,
- tabhairt faoi shocruithe eisiacha a bheadh ag teacht chun cinn,
- tabhairt faoi úsáid na n-eisceachtaí ar an bprionsabal maidir le táille ar chostas imeallach,
- soiléiriú a dhéanamh ar an gcaidreamh idir an Treoir agus ionstraimí reachtúla áirithe a bhaineann léi ar nós Rialachán (EU)2016/679(GDPR) agus Treoracha 96/9/EC (Bunachair Sonraí) agus 2007/2/EC (INSPIRE).

## Cúlra

2. An chúis leis an Treoir Maidir le Sonraí Oscailte ná go mbailíonn an earnáil poiblí i ngach tír san AE, go dtáirgeann, go n-atáirgeann agus go gcrabhscaoileann siad réimse leathan faisnéise in iliomad gníomhaíochtaí acu ar nós na polaitíochta, an gheilleagair, an dlí, na tíreolaíochta, na timpeallachta, na méiteareolaíochta, na turasóireachta, an ghnó agus an oideachais. Is ionann na sonraí a tháirgeann comhlachtaí na seirbhíse poiblí agus bunachar ollmhór luachmhar acmhainní éagsúla a d'fhéadfadh bheith le leas na sochaí. Má chuirtear na sonraí, sonraí dinimiciúla san áireamh, ar fáil i bhformáid leictreonach atá in úsáid choitianta beidh ar chumas saoránach agus einititis dhlíthiúla bealaí nua a aimsiú chun iad a úsáid agus chun táirgí agus seirbhísí nuálacha a chruthú.

Is é forchuspóir na Treorach ná leanúint den athneartú ar gheilleagar sonraí an AE trí na nithe a leanas:

- méadú a dhéanamh ar an méid sonraí earnála poiblí atá ar fáil chun athúsáid,
- iomaíocht chothrom a chinntiú,
- agus feabhsú a dhéanamh ar an nuálaíocht trasteorann bunaithe ar shonraí.

3. I gcomhthéacs na Treorach, ní hionann sonraí agus 'sonraí táblacha' amháin agus tá i gceist leo aon cháipéis, taifead nó sonraí, nó cuid de, bíodh sin i riocht fisiciúil, leictreonach nó i riocht ar bith eile, agus áirítear leis na nithe a leanas:

- a. aon mheamram, leabhar, plean, léarscáil, líníocht, léaráid, pictiúr nó obair ghrafach,
- b. aon ghrianghraf, agus
- c. aon taifead fuaime, físe nó closamhairc.

Ní bhaineann na Rialacha do réimis atá ann cheana maidir leis an gcóipcheart, maoin intleachtach, cosaint sonraí pearsanta nó Saoráil Faisnéise, agus ní cheadaítear leo faisnéis a scaoileadh ar chaoi atá toirmiscithe ag an dlí seachas sin.

4. Tuigtear go ginearálta gurb é an chiall atá le Sonraí Oscailte ná sonraí i bhformáid oscailte is féidir le duine ar bith a úsáid, a athúsáid agus a roinnt go saor, chun críoch ar bith. Leagtar síos sa Treoir oibleagáid go gcuirfeadh comhlachtaí poiblí gach sonra reatha ar fáil le haghaidh athúsáidte i bhformáidí oscailte ach amháin sa chás go bhfuil srian nó eisiámh curtha i bhfeidhm ar an rochtain orthu.

## Iarratais agus Achomhairc

5. Is riachtanach éascaíocht a dhéanamh de na hiarratais ar shonraí sa chás gur féidir sin. Is féidir le haon duine iarratas a dhéanamh agus ní mór plé le hiarratais tráth nach déanaí ná 20 lá de réir na ngnásanna atá leagtha amach i Rialachán 6 de chuid I.R. 376/2071. Tugtar do d'aire gur féidir an tréimhse freagartha sin a shíneadh go 40 lá sa chás go bhfuil an t-iarratas leitheadach nó cuimsitheach. Sa chás go ndiúltaítear d'iarratas ar shonraí, ní mór an té a d'iarr a chur ar an eolas maidir leis an tslí chun achomharc a dhéanamh, i.e. an Coimisinéir Faisnéise.

6. Is féidir le hiarrthóir achomharc a chur isteach chuig an gCoimisinéir Faisnéise sa chás gur diúltaíodh d'iarratas ar athúsáid, go bhfuil an costas ar athúsáid níos mó ná an méid a cheadaítear faoin Treoir nó gur cuireadh coinníollacha i bhfeidhm ar an athúsáid. Níl aon dul as cinntí an Choimisinéara Faisnéise.

## 7. Oscailte ón Dearadh agus de réir Réamhshocraithe

Tá san áireamh sa Treoir Maidir le Sonraí Oscailte an prionsabal i dtaca le ‘oscailte ón dearadh agus de réir réamhshocruithe’ le haghaidh gach sonra atá ar amharc na Treorach. Ciallaíonn sé seo gur chóir sonraí a bhreithniú mar oscailte de réir réamhshocruithe ach amháin sa chás go bhfuil srian nó eisiámh i bhfeidhm orthu. Sa chás go bhfuil uasghrádú á dhéanamh ar phróisis nó go bhfuil próisis nó córais nua á ndearadh, ní mór an rochtain oscailte ar shonraí a thógáil isteach ón tús.

### Foilsíú Sonraí

Sa chás go gcuirtear sonraí ar fáil le haghaidh athúsáidte i bhformáid oscailte, ní mór na sonraí seo a nascadh leis an tairseach náisiúnta sonraí oscailte, [data.gov.ie](https://data.gov.ie). Cuirfear sonraí foilsithe ar fáil de réir na gcaighdeán atá leagtha amach sna [Treoirlínte maidir le Foilsíú Sonraí Oscailte](#). Ní mór meiteashonraí iomlána a chur ar fáil le gach sonra agus ní mór iad a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

## 9. Feidhm an Chiorcláin

Beidh feidhm ag na Rialacháin i dtaca le gach comhlacht earnála poiblí, seachas roinnt eisceachtaí, lena n-áirítear eagraíochtaí oideachasúla, taighde (seachas sonraí ón taighde a chistigh an pobal) agus cultúrtha.

Táthar tar éis sonraí taighde a chistigh an pobal, atá ar coinneáil ag taighdeoirí, eagraíochtaí a dhéanann taighde agus eagraíochtaí a chistíonn taighde, a thabhairt faoi raon tionchair na Treorach.

Tá na Gealltanais Phoiblí faoi raon tionchair na Treorach seo freisin. Tagraíonn siad seo do na heintitis ar a bhfuil an cúram seirbhísí poiblí á sholáthar – uisce, fuinneamh, iompar, seirbhísí poist, seirbhísí iompair poiblí ar ród agus ar iarnród, iompróirí aeir nó seirbhísí iompair farraige arna gcistiú nó arna rialú ag comhlachtaí poiblí. Iarrtar ar na gealltanais phoiblí sonraí a chur ar fáil don athúsáid, ach níl ceangal orthu na rialacha iarratais a leanúint. Sa chás go n-iarrtar ar ghealltanais phoiblí sonraí a chur ar fáil don athúsáid ní mór dóibh a dhéanamh de réir na bhforálacha sa Treoir maidir leis an bhformáid oscailte, táille a ghearradh, socruithe eisiacha srl.

## 10. Ceadúnas Sonraí Oscailte

Is é an Creative Commons BY 4.0 Attribution an ceadúnas caighdeánach maidir le hathúsáid a dhéanamh ar shonraí oscailte rialtais in Éirinn. Ceadáíonn sé seo go mbainfí athúsáid as sonraí go saor ar chúinse ar bith ach ní mór an fhoinsé a cheadú, agus tá tuilleadh eolais ar fáil ag <https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/>. Moltar go gcuirfeadh comhlachtaí poiblí ráiteas ar a suíomh gréasáin a rá go bhfuil athúsáid a sonraí faoi réir théarmaí an cheadúnais gan riachtanas ar úsáideoirí iarratas a dhéanamh.

Sna cásanna úd nach féidir nó nach cuí an ceadúnas caighdeánach a chur i bhfeidhm, is féidir go mbeidh ceadúnas níos sriantaí feidhmiúil (sa chás mar shampla go mbeadh an leas poiblí ann, ar nós foláireamh aimsire ó Met Éireann). Sa chás go n-úsáidtear ceadúnas níos sriantaí,

ní mór sin a chur in iúl go soiléir neamhbhalbh trí na meiteashonraí agus ag an bhfoinse féin. Sa chás go n-úsáideann eagraíocht ceadúnas seachas an CC BY 4.0, ní mór sin a chur in iúl roimh ré don Aonad Sonraí Oscailte sa Roinn CPA.

## 11. Táille

An bunseasamh maidir le táille a ghearradh ar shonraí earnála poiblí ná gur chóir go mbeadh sé saor in aisce. Tá sé sin faoi réir ag eisceachtaí áirithe agus má ghearrtar táillí is gá iad sin a leagan amach go soiléir ar shuíomh gréasáin na heagraíochta a ghearrfaidh an táille.

Tá an seasamh maidir le táillí agus conas iad a ríomh leagtha amach i Rialachán 8, Táillí ar Athúsáid, de chuid [SI 376/2021](#).

Ní mór do chomhlachtaí earnála poiblí a bhfuil cead acu táille a ghearradh os cionn an ráta imeallaigh, de réir Rialachán 8 de chuid I.R. 376/2021, a chur in iúl don Aonad Sonraí Oscailte sa Roinn CPA le go gcuirfear iad ar liosta foilsithe na gcomhlachtaí sin.

## 12. Socruithe Eisiacha

Sa chaoi go mbeidh iomaíocht chothrom ann, ní cheadaítear socruithe eisiacha ar shonraí ach amháin má táthar ag cur seirbhís phoiblí ar fáil nach bhféadfaí a chur ar fáil seachas sin, nó le haghaidh digitíúchán a dhéanamh ar shócmhainní cultúrtha. Chun éascaíocht a dhéanamh den trédhearcacht, ní mór téarmaí na socruithe eisiacha a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an chomhlachta poiblí de réir Rialachán 13 de chuid [SI 376/2021](#). Ní mór mionsonraí faoi aon socruithe eisiacha a bhfuiltear ag dul isteach iontu a fhoilsiú ar líne dhá mhí ar a laghad sula mbíonn feidhm leo.

Chomh maith leis sin, ní mór na socruithe idir sealbhóirí sonraí agus iad siúd a athúsáideann sonraí ar féidir go mbeifí ag súil go gcuirfeadh siad srian ar infhaighteacht cáipéisí/sonraí don athúsáid, ní mór go gcloífeadh siad leis an bhforáil seo.

Ní mór athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta mar atá leagtha amach i Rialachán 13 de chuid [SI 376/2021](#).

## 13. Achtanna Feidhmithe

I dTreoir 2019/1024/EU tugtar isteach coincheap na dtacar sonraí ardluacha (HVD), a shainmhínítear mar shonraí a mbaineann a n-athúsáid le sochair thábhachtacha don tsochaí agus don gheilleagar. Déanfaidh Achtanna Feidhmithe faoin Treoir a leagan amach cé na tacair sonraí ardluacha ar riachtanach go gcuirfeadh comhlachtaí poiblí agus gealltanais phoiblí ar fáil iad saor in aisce, inléite ag meaisín, inrochtana le APIanna, curtha ar fáil mar bhulc-íoslódáil (nuair is cuí) agus saor le hathúsáid. Beidh ceanglas ann HVDanna a fhoilsiú a shannfaí in Acht Feidhmithe. Ba chóir go dtógfadh comhlachtaí poiblí na céimeanna láithreach chun a chinntiú go mbeifear ag comhlíonadh an Achta Feidhmithe seo chugainn maidir le HVDanna, go háirithe comhlachtaí poiblí a ghearrann táille faoi láthair ar shonraí.

## 14. Gníomhaíochtaí Riachtanacha:

- i. Faoi Rialachán 4 de chuid I.R. 376/2021 tá sé de cheanglas ar gach Roinn/Oifig agus gach comhlacht ábhartha faoina gcoimirce aon fhaisnéis a d'iarraí ó am go ham a

chur ar fáil don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar nós tuarascálacha faoin dul chun cinn ar shonraí oscailte.

- ii. Tá ceanglas ar gach eintiteas atá clúdaithe ag na Rialacháin a bheith ar an eolas faoi na hoibleagáidí acu, agus iad a chur i bhfeidhm, faoin Treoir Maidir le Sonraí Oscailte agus an [Straitéis Sonraí Oscailte](#) náisiúnta. Ní mór go n-áireofar ann forbairt agus foilsiú a dhéanamh ar Phlean Foilsithe Sonraí Oscailte.
- iii. Ní mór do gach Roinn/Oifig agus gach comhlacht poiblí faoina gcoimirce freagracht a shannadh d'oifigeach as cúrsaí a thiocfaidh aníos faoi na Rialacháin seo de réir [Straitéis Sonraí Oscailte](#). Tugtar don aire gur féidir go mbeidh Oifigeach Caidrimh Sonraí Oscailte ceaptha ag comhlachtaí poiblí cheana.
- iv. Ba chóir go dtógfadh gach eintiteas atá clúdaithe ag na Rialacháin céimeanna a thógáil láithreach chun a chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis a leanas, ar a laghad, ar fáil ar a suíomh gréasáin:
  - a. Ainm agus seoladh ríomhphoist an oifigigh atá ainmnithe chun freagracht a thógáil as an réimse seo.
  - b. Mionsonraí maidir le cé na sonraí atá ar fáil le hathúsáid agus na coinníollacha ceadúnaithe atá i bhfeidhm (CC BY 4.0 Attribution atá molta).
  - c. Nasc chuig aon sonraí atá foilsithe acu ar an tairseach náisiúnta sonraí oscailte, [data.gov.ie](https://data.gov.ie).
  - d. Mionsonraí faoi conas iarratas ar athúsáid a dhéanamh, conas a dhéanfar iad a phróiseáil, agus an modh chun achomharc a dhéanamh.
  - e. Mionsonraí faoi aon táillí don athúsáid (más infheidhme) agus faoi conas a dhéantar aon táillí a ríomh.
  - f. Mionsonraí faoi aon socrúithe eisiacha atá ann maidir le hathúsáid a dhéanamh ar na sonraí (más infheidhme).
  - g. Nasc chuig an leathanach don Treoir maidir le Sonraí Oscailte ar an tairseach náisiúnta sonraí oscailte, <https://data.gov.ie/pages/open-data-directive>, ina bhfuil téacs na Treorach agus na Rialachán.
- v. Nuair is féidir é, ba chóir go ndéanfaidh comhlachtaí earnála poiblí socrúithe praiticiúla a dhéanfaidh éascaíocht de na cáipéisí a chaomhnú atá ar fáil don athúsáid.
- vi. Tá ceanglas ar gach eintiteas atá faoi chlúdach na Rialachán freagairt go dearfach d'iarratais ar shonraí faoin Treoir maidir le Sonraí Oscailte, ach amháin sa chás go gcuirfeadh sé seo ualach suntasach ar an gcomhlacht atá i gceist.

- 15.** Sa chaoi go mbeidh tacaíocht ag comhlachtaí poiblí maidir lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh i dtaca leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte, tá Oifig Soláthair an Rialtais (OGP) ag réiteach **Creat Seirbhísí Teicniúla do Shonraí Oscailte agus do Bhainistiú Sonraí don tSeirbhís Phoiblí in Éirinn**. Beidh Comhlachtaí Earnála Poiblí (PSBanna) in ann úsáid a bhaint as an gCreat chun seirbhísí agus tacaíocht a aimsiú chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Treoir maidir le Sonraí Oscailte. Beifear in ann gach seirbhís a tharraingt anuas go díreach le Foirm Fógra chun Seirbhísí a Ghníomhú (NASF). A bhuí leis an meicníocht dhíreach seo don tarraingt anuas beifear in ann soláthar níos tapúla áisiúla a dhéanamh ar na Seirbhísí Teicniúla do Shonraí Oscailte agus Bainistiú Sonraí do PSBanna.

Táthar ag meas go mbeidh an creat ar fáil ó Eanáir 2022 agus go mbeidh seirbhísí ar fáil ann sna réimsí a leanas:

- i. **Bainistiú Sonraí:**
  - a. Iniúchtaí Sonraí,
  - b. Catalógú Sonraí,
  - c. Aistarraingt, Lódáil agus Ullmhúchán Sonraí
  - d. Plean Foilsithe Sonraí
  - e. Foilsíú Sonraí
  - f. Cothabháil Sonraí
  - g. Measúnú ar Aibíocht Sonraí
- ii. **Ardán Réitigh, arna óstáil agus a bhainistiú do Shonraí Oscailte**
- iii. **Seirbhísí Tacaíochta agus Comhairliúcháin do Shonraí Oscailte agus Bainistiú Sonraí**

## 16. Athbhreithniú

Tá sé i gceist ag an gCoimisiún Eorpach athbhreithniú a dhéanamh, roimh an 17 Iúil 2025, faoin bhfeidhmiú atá déanta ar an Treoir. Dá réir sin, ní mór do gach comhlacht poiblí lena mbaineann a chinntiú go mbeidh taifead leordhóthanach ar na hiarratais ar athúsáid, ar dhiúltuithe d'iarratas (agus na cúinsí leis sin), achomhairc, táillí a gearradh ar shonraí (más ann) srl.

17. Tá nóta eolais ina leagtar amach príomhfhorálacha na Rialachán ar fáil ag <https://data.gov.ie/pages/open-data-directive>.

## 18. Craobhscaoileadh

Tá ceanglas ar gach Roinn agus gach Oifig an Ciorclán seo a thabhairt d'aird gach comhlachta agus gach earnála atá faoina gcoimirce.

## 19. Fiosruithe

Ba chóir d'oifigigh aon fhiosruithe i ndáil leis an gCiorclán seo a chur chuig [opendata@per.gov.ie](mailto:opendata@per.gov.ie).

Mise le meas,

Colin Menton  
Rúnaí Cúnta  
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

**Nóta: Bíodh an ciorclán seo in áit Chiorclán 32/05: Athúsáid Fhaisnéis na hEarnála Poiblí (PSI), Chiorclán 16/15: Athúsáid Fhaisnéis na hEarnála Poiblí – Critéir i leith táillí a d'fhéadfaí a ghearradh ag catagóirí áirithe comhlachta sa tseirbhís phoiblí nuair a bheifear ag ceadú faisnéis a athúsáid agus Chiorclán 12/2016: Ceadúnas le haghaidh Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid.**